An Roinn Caiteachais Phoiblí
Sheachadadh PFN agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure
NDP Delivery and Reform

10 Samhain 2023

**Ciorclán 17/2023:**
**Comórtas Idir-Rannach d'Ardú Céime go grád an**
**Oifigigh Feidhmiúcháin (OF) a bhfuil Gaeilge líofa acu, sa Státseirbhís, 2023**

## Réamhrá

1. De réir threoir an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe iarradh orm a chur in iúl duit go reáchtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) comórtas idir-rannach chun painéal a bhunú óna ndéanfar ceapacháin mar **Oifigigh Feidhmiúcháin (Líofacht sa Ghaeilge)**.

2. Tá an Státseirbhís tiomanta go hiomlán dá dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Aithníonn Clár reatha an Rialtais an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge mar chéad teanga an Stáit, mar theanga bheo, agus mar chuid lárnach d'oidhreacht ár n-oileáin. Tá sé an-tábhachtach cainteoirí dátheangacha a earcú chun gur féidir linn an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 agus an Plean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm go rathúil agus chun a chinntiú gur féidir leis an státseirbhís agus leis an tseirbhís phoiblí freastal ar na baill dár bpobail a bhfuil Gaeilge acu ar bhealach cuí.

   Samhlaítear nach ndéanfar ceapacháin ón gcomórtas seo tar éis an 30 Samhain 2025.

## An Ról

3. Is do dhaoine a bhfuil Gaeilge líofa acu agus a bheadh in ann na dualgais a thugtar dóibh a dhéanamh trí Ghaeilge an comórtas seo. Ní mór d'iarrthóirí grád inniúlachta B2, ar a laghad, a bhaint amach sa Ghaeilge ar Chreat Féinmheasúnaithe Europass

   Ní gá go mbeadh ar iarrthóirí a n-éiríonn leo a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge ar bhonn lánaimseartha, ag brath ar an ngnó a dhéanann an roinn fostaithe.

4. Tá Oifigigh Feidhmiúcháin fostaithe i ngach Roinn/Oifig Rialtais ina bhfuil réimse freagrachtaí feidhmiúcháin. Is é grád an Oifigigh Feidhmiúcháin an grád bunleibhéil ag leibhéal na bainistíochta sóisearaí sa Státseirbhís.

   Déanann Oifigigh Feidhmiúcháin anailís chriticiúil ar mholtaí agus ar thuarascálacha, agus déanann siad imscrúdú ar chásanna neamhchoitianta casta a dteastaíonn cinneadh uatha. Bíonn obair agus gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl ag Oifigigh Feidhmiúcháin agus tá na nithe seo a leanas san áireamh: taighde a dhéanamh agus moltaí a dhréachtú maidir le beartas agus maidir le reachtaíocht; obair an bhainisteora shóisearaigh a dhéanamh i Ranna Rialtais, a bheith freagrach as obair a bhainistiú agus, tar éis dóibh taithí a fháil, as foireann mhór agus acmhainní eile a bhainistiú; a bheith ag plé go díreach le baill den phobal maidir leis na seirbhísí a chuireann an Státseirbhís ar fáil dóibh.

.

   Le bheith éifeachtach sa ról mar Oifigeach Feidhmiúcháin sa Státseirbhís, ní mór d'iarrthóirí:

- suim a bheith acu i ngnóthaí poiblí agus a bheith dírithe ar choincheap na seirbhíse poiblí;
- an cumas daoine agus acmhainní a phleanáil agus a eagrú chun spriocanna a bhaint amach;
- tuiscint agus comhbhá a bheith acu agus iad ag déileáil le daoine eile agus a bheith in ann daoine a mhealladh agus iad i dteagmháil leo;
- a bheith in ann a chinntiú go gcomhlíontar gach tasc ar ardchaighdeán;
- a bheith toilteanach smaointe agus eolas a roinnt le daoine, chun toradh ar leith a bhaint amach;
- suim a bheith acu oibriú mar bhall d'fhoireann;
- an cumas ábhar a scríobh go soiléir, go gairid, go cuimsitheach agus go mealltach;
- tiomanta do thorthaí ar ardchaighdeán a bhaint amach;
- in ann tionscnaíocht a úsáid nuair is cuí;
- in ann athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar réimsí neamhghnácha casta agus moltaí cuí a dhéanamh.

Féach ar **Aguisín 1** chun eolas a fháil faoi inniúlachtaí agus faoi tháscairí feidhmíochta éifeachtaí ag leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin.

### Cáilitheacht

5. **Ní mór** d'iarrthóir na riachtanais seo a leanas **uilig** a chomhlíonadh ar an dáta dúnta, Dé Déardaoin **30 Samhain 2023** chun dul san iomaíocht:

a) a bheith ag obair ar bhonn buan, sealadach nó gníomhach sa Státseirbhís i ngrád atá níos ísle ná grád an Oifigigh Feidhmiúcháin, nó i ngrád ar aon chéim leis sin. Tá cead ag oifigigh atá ag obair mar Oifigeach Feidhmiúcháin gníomhach nó i ngrád atá ar aon chéim leis seo, atá níos ísle ná grád an Oifigigh Feidhmiúcháin nó grád ar aon chéim leis seo dul san iomaíocht sa chomórtas seo;

b) seirbhís nach lú ná dhá bhliain a bheith comhlíonta acu sa Státseirbhís. Is féidir le hoifigigh shealadacha agus le hoifigigh atá ag feidhmiú ar bhonn gníomhach sna gráid incháilithe dul san iomaíocht sa chomórtas má chomhlíonann siad na riachtanais cháilitheachta a leagadh amach thuas. Áirítear saoire mháithreachais de gach cineál, saoire mháithreachais bhreisithe san áireamh, mar sheirbhís ar mhaithe leis an riachtanas maidir le seirbhís de dhá bhliain sa Státseirbhís a áireamh (féach ar anLitir chuig Oifigigh Phearsanra ón 10 Márta 2009 – Síneadh Promhaidh mar gheall ar Shaoire Mháithreachais agus Comórtais d'Ardú Céime).

Má bhí oifigeach ag feidhmiú ar chonradh sealadach agus gur ceapadh iad ar bhonn buan ina dhiaidh sin, is féidir cáilitheacht a bhunú ar an tseirbhís chomhiomlán, m.sh. is féidir sé mhí ar bhonn gníomhach nó ar chonradh agus ocht mí dhéag ar bhonn substainteach a chur le chéile chun seirbhís dhá bhliain a bhaint amach.

c) grád inniúlachta B2, ar a laghad, a bhaint amach ar Chreat Féinmheasúnaithe Europass (Tá tuilleadh eolais ar fáil ar: https://www.publicjobs.ie/restapi/documents/Europass_Self_Assessment_Framework.pdf)

tabhairt faoi gach céim den phróiseas iarratais agus roghnaithe trí mheán na Gaeilge. Ní chuirfear iarrthóirí nach ndéanann é sin faoi mheas.

d) na riachtanais i dtaca le sláinte agus saoire bhreoiteachta, mar atá leagtha amach i gCiorclán 05/2018 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chomhlíonadh;

e) grád "sásúil'", ar a laghad, a bheith bainte amach acu in athbhreithniú CBFF dheireadh na bliana 2022;

f) a bheith oiriúnach maidir le feidhmíocht oibre agus maidir le hiompar go ginearálta

Nuair atá oiriúnacht iarrthóra do cheapachán faoi mheas i dtaca le sláinte agus saoire bhreoiteachta, beidh an tSCP aireach ar Chiorcláin ábhartha de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Beidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i dteagmháil le hAonaid AD i dtaca le hiarrthóirí atá faoi mheas do cheapachán níos déanaí sa phróiseas roghnaithe. Beidh ar Oifigigh Phearsanra oiriúnacht iarrthóra a dheimhniú i dtaca le:

- feidhmíocht oibre sa ghrád ina bhfuil siad faoi láthair;
- hathbhreithniú CBFF a dheimhniú;
- hiompar ginearálta;
- sláinte, go háirithe saoire bhreoiteachta;

g) a léiriú go bhfuil na scileanna/hinniúlachtaí riachtanacha, de réir mar a leagtar amach in **Aguisín 1,** acu.

6. **Ceisteanna Ginearálta**

a) Tá na riachtanais cháilitheachta don chomórtas seo cosúil leo siúd atá leagtha amach i dTuairisc Chomhaontaithe 1526 na Comhairle Ginearálta i dtaca le socruithe ardaithe céime a bheidh i bhfeidhm sa Státseirbhís.

b) **Is comórtas d'ardú céime é seo. Níl** daoine i ngráid ar aon chéim le grád an Oifigigh Feidhmiúcháin (.i. an scála tuarastail is airde céanna nó níos airde) i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas ardaithe céime seo.

c) Má chuireann tú isteach ar an gcomórtas seo agus má shocraíonn tú, ina dhiaidh sin, glacadh le tairiscint do cheapachán ag grád an Oifigigh Feidhmiúcháin, nó ag grád ar aon chéim leis sin, faoi aon chomórtas eile, ní bheidh tú incháilithe do cheapachán ón gcomórtas seo a thuilleadh.

d) Má chuireann tú isteach ar an gcomórtas seo, ach má théann tú ar scor nó má éiríonn tú as do phost Státseirbhíse srl., ina dhiaidh sin, ní bheidh tú incháilithe do cheapachán ón gcomórtas seo.

e) Níor chóir tréimhsí do shaoire speisialta gan phá a áireamh mar bhriseadh seirbhíse don chuspóir seo.

f) Is féidir le hoifigigh atá ar shaoire speisialta ar phá iarratas a dhéanamh má tá siad incháilithe seachas sin. Is féidir le hoifigigh atá ar shos gairme iarratas a dhéanamh má tá téarmaí a sosa gairme de réir choinníollacha Chiorclán 04/2013 de chuid na Roinne Airgeadais agus má tá siad incháilithe seachas sin. Is féidir go mbeadh oifigigh ar shaoire speisialta gan phá (m.sh. le seirbhís a dhéanamh san AE) i dteideal iarratas a dhéanamh; ba chóir d'Aonaid AD cásanna nach bhfuil clúdaithe i gCiorclán 33/1991 de chuid na Roinne Airgeadais a fhiosrú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Moltar d'iarrthóirí a bhfuil amhras orthu faoi aon ghné dá gcáilitheacht, a gcás a shoiléiriú lena nAonad AD sula dtéann siad ar aghaidh lena n-iarratas.**

**NÓTA:** Is féidir nach ndeimhneoidh an tSCP cáilíochtaí/incháilitheacht go dtí an chéim dheiridh den phróiseas. Dá bhrí sin, cuirfidh iarrthóirí nach bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu agus a théann ar aghaidh lena n-iarratas, dua/costas nach bhfuil aon ghá leis orthu féin agus ní thairgfear post dóibh ón gcomórtas seo. Ní hionann cuireadh chuig measúnuithe, cuireadh chun agallaimh nó chuig aon ghné den phróiseas roghnaithe agus a rá go bhfuil tú incháilithe.

## Tuarastal

7. Seo thíos an scála tuarastail don phost mar Oifigeach Feidhmiúcháin (i bhfeidhm ó 1 Deireadh Fómhair 2023):

**<u>Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (RPP)</u>**
€34,562 €36,464 €37,538 €39,634 €41,513 €43,330 €45,141 €46,914
€48,705 €50,446 €52,264 €53,482 €55,219(IFS1) €56,969(IFS2)

Beidh an ráta seo i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí agus má ceapadh iad ar an nó roimh an 6 Aibreán 1995 agus má tá ranníocaíocht phearsanta phinsin á déanamh acu.

**<u>Neamh-Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (RPP)</u>**
€33,017 €35,164 €36,014 €37,845 €39,626 €41,356 €43,074 €44,757
€46,458 €48,112 €49,814 €50,953 €52,584(IFS1) €54,231(IFS2)

Íocfar an ráta seo más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí agus má earcaíodh iad roimh an 6 Aibreán 1995 agus mura gcaithfidh siad Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

Is féidir go n-íocfar incrimint fadseirbhíse tar éis 3 (IFS1) agus 6 (IFS2) bliana de sheirbhís shásúil ag an bpointe is airde ar an scála.

**<u>Fógra Tábhachtach</u>**

Beidh téarmaí Chiorclán 08/2019 - Socruithe Leasaithe do Thuarastal Tosaigh i bhfeidhm, más cuí, do cheapacháin faoin gcomórtas seo.

Má tá an obair sásúil, íocfar incrimintí de réir Bheartas Pá reatha an Rialtais.

## Ionaid na bhFolúntas

8. Déanfar ceapacháin ón gcomórtas seo de réir mar is gá, chun poist a líonadh ar fud na tíre. Ar an bhfoirm iarratais, is féidir le hiarrthóirí **ceantar amháin** a roghnú ón liosta seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Ceatharlach | An Cabhán | An Clár |
| Corcaigh | Dún na nGall | Baile Átha Cliath |
| Gaillimh | Ciarraí | Cill Dara |
| Cill Chainnigh | Contae Laoise | Liatroim |
| Luimneach | Contae Lú | An Longfort |
| Maigh Eo | An Mhí | Muineachán |
| Uíbh Fhailí | Ros Comáin | Sligeach |
| Tiobraid Árann | Port Láirge | An Iarmhí |
| Loch Garman | Cill Mhantáin | |

Níor chóir duit ach áit(eanna) a mbeifeá toilteanach dul ag obair iontu a roghnú má thairgtear ceapachán duit. **Chomh luath agus a chuireann tú do rogha ceanta(i)r isteach, ní bheidh cead agat athruithe a dhéanamh**. Ní ghlacfar le heisceacht ar bith.

Má thairgtear post duit (is cuma má ghlacann tú leis nó mura nglacann), de ghnáth ní chuirfear thú faoi mheas do phost ar bith eile sa cheantar sin.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur féidir nach dtarlóidh folúntais i ngach ceann de na hionaid le linn thréimhse an phainéil seo.

Tá folúntais in oifigí sna háiteanna seo a leanas faoi láthair - Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Port Láirge.

## Próiseas Iarratais

9. **Gnéithe Praiticiúla**

- Ní mór iarratas a dhéanamh ar líne trí www.publicjobs.ie.
- Sula ndéantar iarratas, ní mór d'iarrthóirí "Cuntas Úsáideora" a bheith acu ar www.publicjobs.ie. Mura bhfuil sé déanta agat cheana, ní mór duit cliceáil ar 'Logáil Isteach' ar leathanach baile publicjobs.ie agus clárú mar ***'Úsáideoir Nua'*** chun do phróifíl a chruthú (cláraigh Cuntas Nua).
- Mura gcuimhníonn tú sonraí do phróifíle, ná cruthaigh an dara próifíl, d'fhéadfadh seo d'iarratas a chur ar ceal.
- Bí ar d'aire nach ionann clárú (Próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Nuair atá próifíl cruthaithe agat, ní mór duit an fhoirm iarratais a fháil, a chomhlíonadh agus a chur isteach.

**Ceisteanna maidir le hAinm Úsáideora / Pasfhocal**

Má tá dearmad déanta agat ar d'Ainm Úsáideora nó ar do Phasfhocal cliceáil ar an nasc seo:
https://www.publicjobs.ie/candidateportal/home/forgottenDetails.do

***Conas teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí***

*Má tá deacracht agat fós le d'Ainm Úsáideora nó le do Phasfhocal, seol ríomhphost chuigoifigeachfeidhmiuchain@publicjobs.ie ag míniú do dheacrachtaí agus tabhair d'ainm agus do shonraí teagmhála, uimhir ghutháin san áireamh, chun gur féidir teagmháil a dhéanamh leat.*

Ba chóir d''iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige amháin go dtí an dáta dúnta.

Ní mór d'iarrthóirí a seoladh ríomhphoist bailí **féin** a úsáid. **Ní ghlacfar** le seoltaí ríomhphoist ó thríú páirtithe agus is féidir go gcuirfidh siad d'iarratas ar ceal. Ní thabharfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí eolas faoi iarratais ach don iarrthóir amháin agus ní thabharfaidh siad eolas do thríú páirtí ar bith.

**Ainm Úsáideora agus Pasfhocal**

Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú d'ainm úsáideora agus do phasfhocal mar go mbeidh siad ag teastáil uait chun teacht ar do Chlár Teachtaireachtaí.

Moltar go láidir duit **gan do sheoladh ríomhphoist nó d'uimhir ghutháin a athrú le linn an fheachtais earcaíochta seo**, mar go gcuirfear aon ríomhphost/teachtaireacht téacs chuig an seoladh ríomhphoist/uimhir ghutháin a tugadh ar dtús.

**Cláir Teachtaireachtaí Publicjobs**

Is ar líne a dhéanfar teagmháil le hiarrthóirí le linn an phróisis iarratais den chuid is mó. Cuirfidh an tSCP an chuid is mó den chomhfhreagras chugat trí do Chlár Teachtaireachtaí PublicJobs. Moltar duit féachaint ar do Chlár Teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofar fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ thástálacha a chuirtear chuig Clár na dTeachtaireachtaí chuig do

chomhad ríomhphoist do Dhramhaíl/Thurscar (nó ‘Promotions’ i gcás gmail). Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.

Má thugtar cuireadh dóibh chuig tástálacha agus/nó agallamh, is faoin iarrthóir féin atá sé a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Mura bhfuil tú i láthair ar an dáta/ag an am cuí, glacfar leis gur tharraing tú siar as an gcomórtas.

Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as comhfhreagras nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir. Ní mór dóibh a chinntiú go bhféachann siad go rialta ar a gClár Teachtaireachtaí agus go bhfaigheann siad gach cumarsáid a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chucu.

Tá Polasaí maidir le hIompar Míréasúnta i bhfeidhm sa tSCP. Is féidir eolas faoin bpolasaí a fháil ar shuíomh gréasáin PublicJobs.

10. **Conas Iarratas a Dhéanamh**

Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar an suíomh gréasáin publicjobs.ie tríd an nasc seo a leanas: https://www.publicjobs.ie/index.php?option=com_jobsearch&view=jobdetails&cid=182011&campaignId=23473304

Ní mór duit an fhoirm iarratais a chomhlíonadh go hiomlán agus cliceáil ar an gcnaipe ‘Cuir Isteach’ roimh an Dáta Dúnta. Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh. Ní mór duit an fhoirm iarratais iomlán a líonadh amach i nGaeilge.

Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach, moltar duit filleadh ar do chuntas publicjobs agus a chinntiú go bhfuil sé curtha isteach trí ***'M'Iarratais'***. Ag an staid seo, ba chóir duit publicjobs.ie a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfear cosc ar ríomhphoist ó *publicjobs.ie*.

**Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear isteach faoin dáta dúnta san fheachtas.**

Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an bhfeachtas seo, nó má thugtar cuireadh dóibh tabhairt faoi ghné ar bith den phróiseas roghnaithe, ní hionann sin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó aon fhoras eile leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

**Dáta Dúnta**

Is é **3i.n. ar an Déardaoin 30 Samhain, 2023** an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais chomhlíonta. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta seo.

Mura bhfaigheann tú admháil faoi d’iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó lá d’iarratais, cliceáil ar d’fhillteán do Dhramhaíl/Thurscar mar gur féidir fógraí i ríomhphost dul isteach i bhfillteáin do Dhramhaíl/ Thurscar (nó ‘Promotions’ i gcás Gmail). Sa chás nach bhfaigheann tú admháil go fóill, seol ríomhphost chuig *oifigeachfeidhmiuchain@publicjobs.ie* agus cuir isteach d’ainm, d’UA Iarrthóra agus do shonraí teagmhála. Ba chóir d’iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

**Iarrthóirí faoi Mhíchumas**

Iarrtar ar iarrthóirí a shonraíonn ina n-iarratas gur mhaith leo leas a bhaint as socruithe réasúnta tuairisc leighis nó tuairisc ó shíceolaí a chur isteach. Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt don tSCP chun gur féidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil más cuí.

Ba chóir na tuairiscí seo a chur chuig an aonad Seirbhísí Measúnaithe, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 roimh am dúnta gnó ar an **30 Samhain 2023.** Ba chóir duit cóip scanta den tuairisc a sheoladh, trí mheán an rphoist, chuig asu@publicjobs.ie

**Má rinne tú iarratas ar chomórtas cheana leis an tSCP agus má chuir tú tuairisc isteach, seol ríomhphost chuig asu@publicjobs.ie chun a dheimhniú go bhfuil do thuairisc fós ar taifead.**

Más mian leat plé a dhéanamh ar d'iarrthóireacht agus ar chóirocht réasúnta ar féidir léi cabhrú leat le linn an phróisis earcaíochta, téigh i dteagmháil lenár dTacadóir Míchumais, Amanda Kavanagh, ag amanda.kavanagh@publicjobs.ie. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hinrochtaineacht ár seirbhíse, féach ar an leathanach ar a bhfuil eolas faoin Inrochtaineacht.

## Próiseas Roghnaithe

11. Beidh roinnt gnéithe i gceist sa phróiseas roghnaithe don chomórtas seo. Is féidir go mbeidh ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas i gceist:

- Ceistneoir Measúnaithe ar líne a chomhlíonadh;
- Triail(acha) ar líne agus/nó triail(acha) ar páipéar;
- Gearrliostú, bunaithe ar an eolas sna foirmeacha iarratais;
- Agallamh físe ar líne\ Agalla(i)mh aisioncronach(a);
- Trialacha teanga (labhartha agus/nó scríofa);
- Agalla(i)mh Iomaíoch(a);
- Cur i láthair/Anailís a dhéanamh;
- Triail shamplach oibre nó aon triail nó cleachtadh eile a cheapann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí atá riachtanach, lena n-áirítear tástálacha inniúlachta teanga.

Ta an comórtas á reáchtáil i gcomhar le comórtas oscailte don ghrád seo. **Ní féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh agus na trialacha/agallaimh srl a dhéanamh ach uair amháin.**

**Is cuma cén tsraith a ndearna tú iarratas uirthi, ní féidir leat na céimeanna éagsúla den phróiseas roghnaithe a dhéanamh ach uair amháin.** Cuirfear an marc a fhaigheann tú i bhfeidhm sa dá shraith a ndearna tú iarratas orthu agus dona bhfuil tú á chur faoi mheas.

Ní mór d'iarrthóirí dul san iomaíocht agus ceann de na háiteanna is airde a bhaint amach chun go gcuirfear iad faoi mheas le dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnaithe ina bhfuil céimeanna éagsúla. Socróidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ó am go ham an líon daoine a gheobhaidh cuireadh ag gach céim.

**Gearrliostú**

Go hiondúil is mó i bhfad líon na n-iarratas a fhaightear ná líon na bpost a bhíonn ann, idir na folúntais reatha agus folúntais amach anseo. In ainneoin go gcomhlíonann tú riachtanais cháilitheachta an chomórtais, féadfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí cinneadh ar líon teoranta de na hiarrthóirí a chur faoi agallamh má bhíonn an oiread sin iarrthóirí ann a d'fhágfadh nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh. Sa chás seo, cuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun líon iarrthóirí, a bhfuil an dealramh orthu gurb iad is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a iniúchadh, a roghnú le dul faoi agallamh. Níltear ag tabhairt le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach bhfuil siad in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithí iomchuí acu.

Tugann bo(i)rd measúnaithe treoir don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le linn cibé próisis ghearrliostaithe faoina dtabharfar, Bo(i)rd a dhéanann iniúchadh ar na foirmeacha iarratais agus a dhéanann iad a mheas de réir na gcritéar réamhcheaptha, atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Moltar duit, dá réir, go mionchuntas cruinn a thabhairt ort féin, ar do thaithí agus do cháilíochtaí ar an bhfoirm iarratais.

## I ndiaidh duit Iarratas a Chur Isteach

12. Rachfar i dteagmháil le hiarrthóirí faoi Chéim 1 den phróiseas roghnaithe i ndiaidh an dáta dúnta.

Dírítear d'aire ar Aguisín 2 'Eolas Tábhachtach'

Má chuirfear faoi mheas thú chun dul ar aghaidh chuig na céimeanna eile den phróiseas roghnaithe, seolfar eolas chugat ag an am cuí.

**Tabhair faoi deara: má éiríonn leat san agalamh, is féidir go mbeidh ort measúnuithe Gaeilge sa bhreis a dhéanamh le TEG. Seolfar eolas faoi na measúnuithe seo ar aghaidh má iarrtar é.**

Cuirfear iarrthóirí a n-éiríonn leo ar phainéal agus is féidir go líonfar folúntais as amach anseo.

## Eolas Tábhachtach Ginearálta

13. **Iarratais ar Athsceidealú**
Ní phléifear le hiarratais ar athsceidealú ach i gcásanna fíoreisceachtúla, de réir mar a shocraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (m.sh. bás, tinneas). Bí ar an eolas gur féidir go lorgóidh an tSCP tacaíocht i ndoiciméad mar fhianaise. Maidir le hiarrthóirí a dtugtar cead dóibh cuid den phróiseas roghnaithe a athsceidealú, tabharfar áit dóibh sa ghrúpa ar athsceideal agus ní chuirfear iad ar ais sa ghrúpa ina raibh siad ar dtús. I gcás iarrthóra a dtugtar sceideal nua dóibh, ní thabharfar ach deis amháin dóibh é sin a dhéanamh.

Ní mór iarratais a sheoladh chuig *oifigeachfeidhmiuchain@publicjobs.ie* laistigh den tréimhse chuí a shonraítear sa chuireadh.

**Mura gcloiseann an tSeirbhís um Cheapacháin faoi aon cheist nó faoi aon fhadhb a tharlaíonn duit roimh nó ar lá na dtrialacha, ní bheimid in ann plé leo ina dhiaidh sin.**

14. **Ceapacháin ó phainéil**
Ag deireadh an phróisis roghnaithe bunaítear painéa(i)l d'iarrthóirí cáilithe as ar féidir go líonfar folúntais. Is féidir go mairfidh an painéal seo suas go dtí an 30 Samhain 2025, nó go dtí go bhfuil painéal nua i bhfeidhm. Is ionann painéal agus liosta iarrthóirí cáilithe in ord fiúntais ón gcéim dheiridh den phróiseas roghnaithe. Má tharlaíonn folúntas agus má bhaintear a n-áit amach, déanann iarrthóirí an chéim dheiridh den phróiseas roghnaithe.

Sula moltar aon duine do cheapachán i bpost, déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó an eagraíocht fostaithe gach fiosrúchán atá riachtanach, dar leo, chun oiriúnacht an iarrthóra sin a shocrú. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta, go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán.

Níl aon chinnteacht ann go gceapfar duine i bpost má cháilíonn siad nó má chuirtear iad ar phainéal. I gcás iarrthóirí nach gceaptar nuair a chríochnaíonn an painéal, ní bheidh siad i dteideal ardaithe céime toisc go bhfuil siad ar an bpainéal/na painéil.

Má ghlacann iarrthóir ar an gcomórtas seo le tairiscint do cheapachán ag grád an Oifigigh Feidhmiúcháin, nó ag grád ar aon chéim leis, faoi aon chomórtas eile, ní bheidh siad incháilithe do cheapachán ón gcomórtas seo a thuilleadh. I gcás oifigigh a théann ar scor, a éiríonn as a p(h)ost srl. sa Státseirbhís, ní bheidh siad i dteideal ceapacháin ón bpainéal a bhunófar a thuilleadh.

15. **Oiriúnacht do cheapacháin**
Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint nach ndeimhneoidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (i) cáilitheacht don chomórtas, (ii) sláinte agus leibhéal na saoire bhreoiteachta,(iii) caighdeán oibre sa ghrád reatha, (iv) rátáil athbhreithnithe CBFF a dheimhniú, agus (v) iompar ginearálta go dtí go gcuirfear iarrthóir faoi mheas do cheapachán. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas, nó ar aon chéim roghnaithe den chomórtas, ní hionann sin is a rá go nglacann

an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leo. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go háirithe nach mbeidh na nithe thuas, sláinte agus saoire bhreoiteachta, deimhnithe ag an Oifigeach AD sula dtugtar cuireadh d'iarrthóirí chuig agallamh iomaíoch – dá bhrí sin, má ligtear iarrthóir isteach i gcomórtas, nó ar aon chéim roghnaithe den chomórtas, ní hionann sin is a rá go gcomhlíonann iarrthóirí na critéir cháilitheachta, lena n-áirítear sláinte agus saoire bhreoiteachta, fiú má chuirtear ar phainéal iad.

Nuair atá oiriúnacht iarrthóra do cheapachán ó phainéal, maidir le sláinte agus saoire bhreoiteachta, faoi mheas, cloífidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le Ciorclán 5/2018 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Moltar d'iarrthóirí a bhfuil amhras orthu faoi aon ghné dá gcáilitheacht a gcás a shoiléiriú leis an Rannóg AD sula leanann siad ar aghaidh lena n-iarratas.

16. **Coinníollacha Ceapacháin**
Beidh ceapacháin faoi réir ag na gnáthchoinnóillacha a bhaineann le ceapacháin sa státseirbhís.

Déanfar ceapacháin ó na painéil ar dtús ar bhonn gníomhach. **Nuair a cheaptar duine mar Oifigeach Feidhmiúcháin, beidh tréimhse phromhaidh aon bhliana i gceist.** Roimh dheireadh na tréimhse promhaidh seo, déanfar cinneadh faoi cheapachán cinnte sa ghrád.

Cuirfear oifigeach nach bhfuil a c(h)uid oibre sásúil ar an eolas faoi cad a tharlóidh. Má dhéantar socrú gan an ceapaí a dheimhniú sa phost mar Oifigeach Feidhmiúcháin, is féidir leis an gceapaí iarraidh ar Bhord Athbhreithnithe Chód Iompair na Státseirbhíse athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás. Fch. Ciorclán 19/2016 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Cód Smachta na Státseirbhíse. I gcás an fhillte, rachaidh an t-oifigeach ar ais i bhfolúntas sa ghrád a bhí acu roimhe seo sa Roinn ina raibh siad roimhe seo.

17. **Nuair a mheastar go bhfuil iarrthóireacht tarraingthe siar**
Beifear den tuairim go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar ag iarrthóirí nach bhfreatsalaíonn ar agallamh is trialacha ag an am cuí san áit chuí nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise atá de dhíth ar an FSS i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Ní mór d'iarrthóirí gach doiciméad, foirmeacha a eisíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí san áireamh, a sholáthar taobh istigh de chúig lá. Mura ndéantar seo, glacfar leis gur tharraing an t-iarrthóir siar ón gcomórtas agus ní thabharfar aon aird ar a n-iarrthóireacht a thuilleadh.

18. **Diúltú do Thairiscint ar cheapachán**
Má thairgtear post d'iarrthóir (is cuma má ghlacann siad leis nó mura nglacann), de ghnáth, ní chuirfear iad faoi mheas do phost ar bith eile sa cheantar sin. Má ghlacann siad le post, cuirfear as an áireamh iad do phoist sna ceantair eile a roghnaigh siad.

19. **Eolas Ginearálta faoin gComórtas seo**
Déanfar an próiseas earcaíochta agus roghnaithe do cheapachán sa ról seo a réachtáil de réir an Chóid Cleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Ba chóir d'iarrthóirí féachaint ar **Aguisín 2** chun tuilleadh eolais faoin gcómortas seo a fháil, lena n-áirítear eolas faoi Chearta agus faoi Dhualgais an Iarrthóra.

Beidh iarrthóirí freagrach as aon chostas a tharlaíonn maidir lena n-iarrthóireacht.

## Eolas sa bhreis agus scaipeadh

20. Má tá ceist ag iarrthóirí faoin gciorclán seo, ba chóir dóibh dul i dteagmháil lena nAonad AD féin. Ba chóir ceisteanna faoina n-iarrthóireacht ina dhiaidh sin a chur go díreach chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

21. Ba chóir d'Aonaid AD an ciorclán seo a chur ar fáil do gach oifigeach incháilithe atá ag obair ina Ranna agus in Oifigí gaolmhara gan mhoill, lena n-áirítear oibrithe incháilithe atá ar théarma seasta, oifigigh ar am téarma, ar iasacht, ar shaoire mháithreachais, shos gairme, chonradh agus gach cineál saoire cuí eile.

22. Fostóir Comhdheiseanna is ea an Státseirbhís.

Is mise le meas

**Barry O Brien,**
**Rúnaí Cúnta (gníomhach)**
**An Rannóg um Acmhainní a fháil don tSeirbhís Phoiblí**

## Aguisín 1

## Príomhinniúlachtaí d'fheidhmíocht éifeachtach ag leibhéal an Oifigighh Feidhmiúcháin




### Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí

| | |
|---|---|
| **Daoine a Bhainistiú** | Téann an duine i gcomhairle leis an bhfoireann agus spreagann an duine an fhoireann chun a bheith iomlán páirteach trí chomhráite fiúntacha faoi cheisteanna oibre a spreagadh |
| | Éiríonn leis an duine an leas is fearr a bhaint as daoine agus as an bhfoireann, oibríonn siad leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a bhaint amach, agus tugann siad faoi cheisteanna faoi fheidhmíocht má tharlaíonn siad |
| | Tá meas ag an duine ar agus tugann siad tacaíocht maidir le daoine eile agus maidir leis an bhfoireann a fhorbairt |
| | Spreagann agus tugann an duine tacaíocht do bhealaí oibre nua agus níos éifeachtaí |
| | Déileálann an duine le teannas san fhoireann ar bhealach cruthaitheach |

| | |
|---|---|
| | Spreagann, éisteann agus déanann an duine beart ar aiseolas ón bhfoireann chun feabhas a chur i bhfeidhm |
| | Roineann an duine eolas agus saineolas chun cabhrú leis an bhfoireann a spriocanna a bhaint amach |
| **Anailís & Cinntí a Dhéanamh** | Déileálann an duine go héifeachtach le réimse leathan foinsí eolais, fiosraíonn an duine gach ceist ábhartha |
| | Tuigeann an duine impleachtaí praiticiúla eolais maidir leis an gcomhthéacs i gcoitinne ina n-oibríonn siad - cur chuige, spriocanna rannóige srl |
| | Aithníonn agus tuigeann an duine na ceisteanna agus na treochtaí tábhachtacha |
| | Baineann an duine an chiall cheart as eolas uimhriúil, déanann an duine áirimh chruinne uimhriúla |
| | Déanann an duine measúnú cruinn agus déanann siad moltaí cothroma agus cuí trí thacaíocht ó fhianaise |
| **Torthaí a Sholáthar** | Tugann an duine faoi obair agus cinntíonn siad go gcomhlíontar an obair i gceart |
| | Tá an duine loighciúil agus stuama faoi chur chuige, socraíonn an duine spriocanna agus baineann siad na torthaí is fearr amach leis na háiseanna atá ar fáil trí thascanna agus acmhainní a chur in ord tosaíochta |
| | Déanann an duine scrúdú ar na modhanna oibre reatha chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do chustaiméirí chun a chinntiú go bhfuil siad éifeachtach |
| | Déanann an duine meastachán cruinn ama maidir le tionscadail agus déanann an duine plean chun déileáil le fadhbanna |
| | Laghdaíonn an duine botúin, déanann an duine athbhreithniú ar fhoghlaim agus cinntíonn an duine go gcuirtear réiteach i bhfeidhm |
| | Déanann an duine cinnte de go ndéanann a f(h)oireann féin a dícheall chun torthaí éifeachtacha a bhaint amach |
| | Cinntíonn an duine go bhfuil modhanna/prótacail/próisis athbhreithnithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhís a sholáthar |
| **Scileanna Cumarsáide & Idirphearsanta** | Athraíonn an duine an tslí chumarsáide le bheith in oiriúint don chás ar leith / don lucht éisteachta |
| | Éisteann an duine go gníomhach le tuairimí dhaoine eile |
| | Oibríonn an duine i gcomhar le grúpaí eile chun comhoibriú a bhaint amach |
| | Pléann an duine an cheist más gá, chun toradh sásúil a bhaint amach |
| | Dírithe ar dhéileáil le custaiméirí go héifeachtach, go héifeachtúil agus le hurraim |
| | Tá an duine ceannasach agus gairmiúil agus iad ag déileáil le ceisteanna deacra |
| | Cuireann an duine eolas i láthair go soiléir agus go gonta le linn a bheith ag labhairt nó ag scríobh |
| **Eolas Speisialtachta, Saineolas agus Féinfhorbairt** | Léiríonn an duine sárscileanna/sáreolas ina réimse féin agus tugann an duine treoir do chomhghleacaithe |
| | Tuigeann an duine go soiléir a ról agus a spriocanna féin agus spriocanna na foirne agus an chaoi a n-oibríonn siad san aonad agus sa Roinn agus cuireann an duine seo in iúl go soiléir don fhoireann |
| | Taispeánann an duine an tslí, léiríonn siad an tábhacht a bhaineann le forbairt trí am a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí forbartha dóibh féin agus don fhoireann |
| **Díograis agus Tiomantas** | Tiomanta don ról, i gcónaí ag iarraidh caighdeán ard a bhaint amach |
| | Léiríonn an duine solúbthacht agus oscailteacht maidir le hathrú |
| | Tá teacht aniar sa duine agus coinníonn siad leis in ainneoin deacrachtaí |
| | Cinntíonn an duine go ndírítear ar sheirbhís do chustaiméirí óna t(h)aobh féin agus ó thaobh na foirne de |
| | Tá an duine ionraic agus is féidir brath orthu |
| | Feidhmíonn an duine go hionraic agus spreagann siad daoine eile chun an rud céanna a dhéanamh |

## Aguisín 2

## Eolas Tábhachtach Ginearálta, Iena n-áirítear Cearta agus Dualgais an Iarrthóra

**Rúndacht**

Is féidir le hiarrthóirí a bheith cinnte go bpléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné den phróiseas a bhainistíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le hardrúndacht de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint, áfach, gur féidir go dtabharfar gach ábhar iarratais don údarás/eagraíocht fostaithe. Baintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann le duine ar leith, as cuntais ríomhaire ar chúiseanna ginearálta staidrimh.

**Eolas faoi Phainéil**

Cuirfear Oifigigh AD i Ranna/Oifigí ábhartha eolas ar leith faoi phainéil a bhunófar as an gcómortas seo ar fáil. Chomh maith leis sin is féidir go n-iarrfar ar iarrthóirí go dtabharfar an t-eolas céanna do na ceardchumainn chuí sa státseirbhís chun súil a choinneáil ar oibriú na scéime.

**Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí**

Tá sé mar aidhm ag an tSCP seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarraimid ort an t-ábhar a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne cuí. Tá sé tábhachtach go ndéantar amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn bearta a chur i bhfeidhm chun an scéal a réiteach.

**Fearas Taifeadta a Úsáid**

**Ní cheadaíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí aon fhearas taifeadta a úsáid ina foirgneamh nó in áit ar bith ina mbíonn measúnú/trialacha/agallaimh srl ar siúl, m.sh. agallaimh físe, teileachomhdháil. Baineann sin le taifeadadh fuaime ar bith nó pictiúr socair nó taifeadadh físe de chineál ar bith, is cuma má tá taifeadadh fuaime i gceist nó nach bhfuil, agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist. Ní mór do dhuine ar bith ar mhian leo fearas dá leithéid a úsáid do cheann ar bith de na cúiseanna seo cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideachas na mball foirne agus na n-iarrthóirí/gcliant a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe. Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá an duine sin ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfaí an t-iarrthóir sin a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.**

**Iarratais ar Aiseolas/Thrialacha a Athsheiceáil**

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é i scríbhinn. Is féidir aiseolas agus athscrúdú a lorg go dtí sé mhí tar éis chríochnú gach céime den chomórtas.
Tabhair faoi deara, áfach, gur próiseas eagsúil é an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith ar gá cloí leis i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas/athscrúdú a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir síneadh a chur leis an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí athscrúduithe.

**Iarratas ar Athbhreithniú faoi na Cóid Chleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.**

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh dóibh toradh a fháil d'aon staid de phróiseas rognnaithe, is féidir leo:

1. Iarratas a dhéanamh ar **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh le linn an phróisis

**nó**

2. **Gearán a Dhéanamh** go raibh an próiseas roghnaithe atá i gceist míchothrom

Is féidir le hiarrthóir tabhairt faoi cheann amháin den dá nós imeachta maidir leis an ngné chéanna de phróiseas roghnaithe, ach ní féidir leo tabhairt faoin dá cheann. Sa chás gur tharla próiseas athbhreithnthe ar phróiseas roghnaithe faoi Alt 7 (de réir mar a leagtar amach thíos) den Chód Cleachtais, ní féidir le gearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8, seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) **ar a thoil**.

Níl aon dualgas ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí stad a chur leis an bpróiseas ceapacháin a fhad is atá siad ag plé le hAthbhreithniú nó le Gearán. Tá an CCSP ag súil leis, áfach, go ndéanfaidh an tSCP idirghabháil, más féidir, i gcásanna ina socraíonn sí gur cosúil go ndearnadh earráid.

**Iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7**
Is féidir le hiarrthóir athbhreithniú a lorg má tá siad míshásta le cinneadh nó gníomh a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP). Déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir na bhforálacha in **Alt 7** sa Chód Cleachtais do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a fhoilsíonn an CCSP.

Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar d'iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Mar chuid d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh faoi iarratas an iarrthóra. Seolfar toradh an Phróisis Athbhreithnithe Neamhfoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.

- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leo.

- Ní mór don iarrthóir a c(h)úis gearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie, nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.

- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe an tAthbhreithniú Foirmiúil.

- Ní foláir toradh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór don tSCP an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

**Gearán a dhéanamh faoi Alt 8**
Is féidir go gceapfadh iarrthóir gur sháraigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Cód Cleachtais

an Choimisiúin ar bhealach a chuireann as d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir gearán a dhéanamh faoi **Alt 8** chuig an tSCP ar dtús agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

Mar thoradh ar phróiseas Gearáin faoi Alt 8, is féidir go socrófaidh an tSCP nó an CCSP nár chloígh an próiseas earcaíochta agus roghnaithe atá i gceist leis an gcaighdeán a leagtar amach sa Chód Cleachtais. I gcásanna den chineál seo, is féidir go ndeánfaidh an tSCP agus an CCSP moltaí chun a chinntiú nach dtiocfaidh na deacrachtaí céanna chun cinn arís sa todhchaí. **Ní féidir leis an gCCSP ordú a thabhairt don tSCP cinneadh a rinneadh le linn an phróisis cheapacháin a athrú.** Ba chóir d'iarrthóir atá ag iarraidh fiosrúchán a lorg maidir le cinneadh a rinneadh faoina n-iarratas mar chuid de phróiseas roghnaithe iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7, de réir mar a leagtar amach thuas.

Ní mór don ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainaithint agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán ar bith murar féidir leis an ngearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí tríd an gcaoi ar theip ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí cloí le prionsabail an Chóid seo a thaispeáint.

Mar chuid den Ghearán Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta. Seolfar toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór Gearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.

- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór Gearán Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leo.

- Ní mór don iarrthóir a c(h)úis gearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie, nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.

- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe fiosrúchán maidir leis an nGearán Foirmiúil.

- Ní foláir toradh an Ghearáin Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór don tSCP an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

**Tá tuilleadh eolais faoin nós imeachta thuas ar fáil sa Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPost sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, www.cpsa.ie**

Níl aon dualgas ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas ceapacháin a stad a fhad is atá siad ag plé le hathbhreithniú. Bí ar an eolas: i gcás gur tharla athbhreithniú foirmiúil ar phróiseas

earcaíochta agus roghnaithe faoi Alt 7 den Chód Cleachtais, ní féidir leis an ngearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8 seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún ar a dtoil.

**Dualgais na nIarrthóirí:**
Níl cead ag iarrthóirí:
- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta,
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú,
- ag duine iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas,
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach, nó cur as dó;

**Cód Cleachtais a Shárú**
Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas, nó a chuidíonn le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. Is féidir fíneáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,
- dícháileofar iad mar iarrthóir agus tógfar amach as an gcomórtas iad;
- má ceapadh iad i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an bpost iad.

**Rúndacht maidir le hEolas agus hÁbhair**
Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón gcomórtas mar gheall ar ábhar scrúdaithe a roinnt le duine eile, m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus go bhfuil cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid den ábhar measúnaithe (sleachta eolais san áireamh agus roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do cheisteanna agus fhreagraí) nó ábhar bainteach agus/nó ábhar agallaimh a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith, lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Má dheantar a leithéid, coir atá i gceist agus is féidir go bhfágfar as an bpróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má chuidíonn siad le duine/daoine eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfear an dlí agus/nó agra sibihialta ar an duine sin as caillteanas cóipchirt nó maoine intleachtúla.

**An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)**
Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí i bhfeidhm faoi Threoir an AE um Chosaint Sonraí.

Nuair a chláraíonn tú ar publicjobs.ie nó má chuireann tú iarratas isteach, cruthaítear taifead ríomhaire faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán. Má roghnaítear thú ón gcomórtas earcaíochta agus roghnaithe, is féidir go gcuirfear d'iarratas ar aghaidh chuig rannóg na nAcmhainní Daonna san eagraíocht inar cuireadh ag obair thú.

Chun iarratas a dhéanamh teacht ar do shonraí pearsanta, seol d'iarratas chuig: dpo@publicjobs.ie agus bí cinnte go ndéanann tú cur síos cruinn ar na taifid atá á lorg agat chun gur féidir linn na taifid chuí a fháil.

Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí leagtha amach ar an leathanach dar teideal Cosaint Sonraí arwww.publicjobs.ie.

**Nochtaí Cosanta**

Tá Polasaí na SCP i dtaca le Nochtaí Cosanta (lena n-áirítear Roghanna Tuairiscithe do gach

duine a chlúdaítear sa Pholasaí) ar fáil ar:

https://www.publicjobs.ie/documents/Public_Appointments_Service_Protected_Disclosures_Policy_2023.pdf

**Canbhasáil**
Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go ndéanfar duine a dhícháiliú de thoradh canbhasála agus go ndéanfar iad a eisiamh ón bpróiseas dá dheasca.

**Eile**
Is féidir go ndéanfaidh páirtithe eile cuid den phróiseas iarratais. I gcásanna dá leithéid beidh sé riachtanach do chuid eolais a roinnt idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus na páirtithe seo chun d'iarratas a phróiseáil.